

10 d TÓGRA TIONSCLAIÓCHTA NUA DO'N GHAELTACHT

Bí Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. i láthair i gCill Chártha ar 3 Márta chun monarcha nua a oscailt i gcóir Éadach Conamara Teo. agus i mBaile Átha Cliath ar 21 Feabhra d'fhogair sí go raibh 9 dtogra tionsclaíochta nua ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta i gcóir cabhair dheontais (tograí ar £4,118,976 an infheistíocht iomlán a bheadh i gceist) dóibh agus a chuirfeadh 386 post lánaimseartha ar fáil faoi lán-tháirgjóchta.

CILL CHÁRTHA

- Fochomhlacht faoi Dhún na nGall Theas a bhfuil déantúsaíocht bréidín ar bun aige agus is é Gaeltachta é Éadach 3,648 méadar cearnach Conamara Teo. i nGaeltacht

Dhún na nGall Theas a bhfuil déantúsaíocht bréidín ar bun aige agus is é Gaeltachta é Éadach 3,648 méadar cearnach Conamara Teo. i nGaeltacht

atá sa mhonarcha nua, áit a bhfuil an tionscal bréidín atá faid faoi aon díon amháin don chéad uair riamh agus ag feidhmiú níos eifeachtúla.

Os cionn £535,000 an infheistíocht atá sa tionscal seo agus ar na héachtanna is suntasaí, b'fhéidir, ar bhain an bhainistíocht agus na hoibrithoírí amach ná cruthú don Stáit gur chóir an capiteal sin a infheistiú i gCill Chártha in ainneoin tuarascáil a chuir comhairleoirí ar fáil don Rialtas i 1968 ag moladh dóibh an tionscal a dhúnadh síos ar fad de bharr nach bhféadfadh sé seasamh i gcomhthéacs saor-thráchtála. Tionscal fairfeach brabúil atá ann anois ag fostú os cionn 700 duine agus ag díol a tháirgí ar mhargáin an domhain – sa Bhreatain, Ceanada, An Fhrainc, An Ghearmáin, An tSeapáin, An Iodáil agus tíortha Oirthear na hEorpa. Tá díolacháin £1½ m measta i gcóir 1980 cé nach raibh ach díolacháin £438,000 ag an geomhlacht i 1975.

RABHAIDH

- Ag labhaint dó ag an oscailt oifigiúil dúirt Cathar Mac Gabhan, Príomh-Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta agus Cathaoirleach Éadach Conamara Teo. go raibh ard-mholadh ag dul do bhainistíoch agus foireann an chomhlachta de bharr a bhfuil bainte amach acu in éadaí constaiciúimeaglaithe. Mhol sé do thionsclóirí uilig sa Ghaeltacht a raibh fadhbanna ag cur as dóibh féachaint ar an dóigh inár sháraigh Éadach Conamara Teo. na fadhbanna a bhí ag bagairt báis ar an dtionscal. Thug sé rabhaidh freisin do bhainistíocht na dtionscal sa Ghaeltacht atá ag úsáid cúiseanna cultúrtha agus sóisialacha mar leath-scéal ar mhí-eifeachtúlacht a dtionscail. Dúirt an tUas. Mac Gabhan: "... tá roinnt bheag comhlachtaí eile sa Ghaeltacht go bhfeilfeadh sé dóibh sampla a ghłacadh ó Éadach

Conamara Teo. agus ó Snáth Gaeltarra Teo., atá thíos an bóthar uainn anseo. Níl rath ar bith in ann do aon chomhlacht nach bhfuil a bhainistíocht agus a fhloireann láidir agus eifeachtúil, agus nach bhfuil na leasaithe ar gá leo a chur i bhfeidhm de réir mar atá eileamh orthu sa ghnó. Tá gach comhlacht a bhfuil Údarás na Gaeltachta ag plé leis ag coimhlint sa mhargadh oscailte – níl monoplacht ag aon cheann acu agus níl iachall ar éinne a dtáirgí ná a seirbhísí a cheannach.

Cinnte, is féidir leis an Údarás agus leis an Rialtas cuidiú le comhlacht ar bith deacrachtá a shárú, ach má feictear nach bhfuil an iarracht agus an dul chun cinn á dhéanamh ag an mbainistíocht a léiríonn go mbeidh sárú buan ar na fadhbanna ach an chabhair cuí a fháil, ní leanfar ag cur breis caipítil ar fáil chun tuilleadh caillteanáin a thuilleamh. Ní fhéadfaí staid níos measa a shamhlú ná an staid ina raibh an comhlacht seo 10 mblíana ó shin. Tá sé ar a bhonna agus i gceart inniu de bharr cumas na bainistíochta agus eifeacht na foirne. Tá mé ag tabhairt rabhaidh do bhainisteoirí comhlachtaí Gaeltachta eile go gcaithfidh siad an éacht céanna a bhaint amach."

TOGRA LEICTREONACH

- Tá an comhlacht seo Transduktor Teo. i mbun táirgíochta cheana féin ar an Eastáit Tionscail i gCasla, Conamara, áit a bhfuil seachtar fostaithe acu faoi láthair agus a bheidh 22 fostaithe agus an tionscal faoi lán seol. Tionscal Leictreonach atá ag táirgí Transfhoirmitheoirí Chiorclacha Leictreonaigh le haghaidh úsáid i ngléasanna sofaisticíula atá ann. Tá deontas £100,000 ceadaithe agus is é £255,000 an infheistíocht iomlán sa

chomhlacht. Is iad Transduktor Winding AB atá bunaithe sa tSulainn na príomhaithe agus díofar na táirgí i gCríocha Lochlainn, sa Bhreatain, san Eoraip agus ar an Margadh Baile.

FOSTAÍOCHT FEAR IN IORRAS

- Is iad Solano S.A. ó Pamplona sa Spáin a bheidh mar phríomhaithe agus mar pháirtneirí ag Údarás na Gaeltachta i gComhlacht Ruibéir Atlantach Teo. agus is é an chéad togra é ón Spáin sa Ghaeltacht nó sa tír. Cuirfear festaíocht ar fáil do 147 ag lán seol (101 fear agus 46 mná) agus is dul chun cinn mór é sin i gceantar Iorrais, i gcás festaíocht fear, ach go háirthe. Cuirfear tú leis an dtáirgíocht i mí Meitheamh seo chugainn. Is é £1,721,700 an infheistíocht iomlán atá i gceist agus tá deontas £741,600 ceadaithe ag an Údarás agus tá 26% den chothromas sa chomhlacht glactha acu.

PRÁS, NICIL, SINC AGUS CRÓIMIAM

- Tionscal Innealtóireacht éadrom é Earraí Miotal Bhaile Mhúirne Teo. in a bheidh obair scilte ar síl le prás, nicil, sinc agus cróimiam. 15 phost a chuirfear ar fáil ag lán seol agus cuirfear tú leis an dtáirgeacht um dheireadh Márta 1980 i réamh-mhonarcha 8,250 tr. chearnach ar an Eastáit Tionscail i mBaile Mhúirne. Tá deontas caipítil £68,000 ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta don chomhlacht agus is é £233,064 an infheistíocht iomlán atá i gceist. Infheisteoírí príobháideacha ón Sulainn na príomhaithe, agus is sa thí sin, san Fhionlainn agus sa Bhreatain a dhíofar na táirgí.

TIONSCAL NUA I gCROICHSHLÍ

- Tionscal Leictreonach a bhéas a gtáirgiú Transfhoirmitheoirí do ghélásanna Hi-Fi agus don Tionscal Ríomhaireachta. Beidh Talema Teo. lonnaithe sa mhonarcha i gCroichshlí, Co. Dhún na nGall ina raibh Tionscal Earraí Chroichshlí, agus atá anois a chur in oiriúint don (Ar lean. lth. 8).



Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. ag tréaslú le Bairtle Ó Finneadha, Captaen Foireann Peile Údarás na Gaeltachta i bPort Omna Dé Sathairn, 1 Márta 1980. Rug foireann an Údarás Craobh Peile Idir-Chomhlachta na hÉireann leo nuair a bhuaidh siad ar foireann Bord na Móna. (Féach lth. 7)

Ag Tagairt

AG LABHAIRT DÓ AR 3 MÁRTA 1980 ag oscailt oifigiúil an leathnúchán nua atá curtha le monarcha Eadach Conamara Teo, i gCill Chártha dùirt Príomh-Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Cathal Mac Gabhann "... Tá gach comhlacht a bhfuil Údarás na Gaeltachta, ag plé leis ag coimhlint sa mhargadh oscailte – nil monoplacht ag aon cheann acu agus nil iachall ar éinne a dtáirgí ná a seirbhísí a cheannach..."

DEARCADH

Anuas go dtí 1965 nuair a leasaíodh an tAcht Um Thionscail na Gaeltachta chun cumhachtaí forbartha agus infheistiochta a thabhairt do Gaeltarra Éireann glacadh go gcaillfeadh na tionscail a bhí á reachtáil ag Gaeltarra slad mór airgid gach aon bliain, agus seachas clampar áirithe ins na media nuacha lá foilsithe an Tuarscála Blantúil is beag eile a dúradh faoi lá feadhfaidh tionscláochta a fhobairt sa Ghaealtacht gan cailleannais thrádála bheith ag eascraig as. Is cosúil gur ghlaic pobal na Gaeltachta leis an gcás sin, agus ghlaic pobal na tire i gcoitinne leis de bharr dearcadh ginearálta a bhí thart (agus atá thart in áiteanna go fóill) nach seasódh rud ar bith sa Ghaealtacht gan tacáocht i bhfoirm airgead Stáit bheith mar mhaide croise faoi. Caithfidh nach aon ardú meanman do mhuintir na Gaeltachta a bhí sa dearcadh sin.

DEACRACHTAÍ

Nuir do tugadh na cumhachtaí breise do Gaeltarra faoin Acht leasaithe i 1965 leagadh síos go gcaithfeadh tionscail sa

Ghaeltacht feidhmiú ar bhonn brabúlachta feasta agus go gcaithfí deireadh a chur leis an gcaillteanas a bhí comhchiallach le tionscláochta Gaeltachta. Bhí go leor deacrachtai le cur i bhfeidhm na dtreoracha sin, agus thar thréimhse cúnig nó sé de bhlianta bhí mí-thuisceintí, raic agus eascáirdeas nuair b' éigeann aonaid déantúsaíochta agus monarchana a dhúnadh nó tionscail de shugas eile a chur iontu. Ghlac sé tamall fada a chruthú don phobal ná féadfai níos mó leanacht de thionscal a raibh airgead á chailliúint go trom aige agus ná raibh aon bhealach athcheartaithe le fáil dó, direach de bharr go raibh dornán daoinne fostaithe ann.

RATH AGUS CUMAS

Faoi láin aonair forbartha a tionscnaíodh de bharr leasú an Achtá i 1965, agus de bharr clárú na sean-rannóga trádála mar chomhchlachtaí priobháideacha i 1975, tá go leor comhchomhchlachtaí agus fo-chomhchlachtaí faoi scáth Údarás na Gaeltachta anois, comhlachtaí a bhfuil rath agus cumas ag baint le cuid mhór acu agus cuid eile acu a chaithfear an córas athcheartaithe a chur i bhfeidhm ina gcás. Tuigfidih pobal na Gaeltachta um an dtaca seo go gcaithfidh gach tionscal sa Ghaealtacht seasamh a bhonna agus bheith brabúlach, agus go gcaithfidh an Bhainistíochta agus an lucht oibre bheith cumasach éifeachtúil. Tionscal ar bith nach amhlaidh sin dó nil ach ceist ama go mbeidh sé i dtrioblóid do-sháraithe, cuma cé mhéid a fhostaíonn sé agus cé chomh criticiúil agus atá an fhostaíochta sin.

MONOPLAHT

Nuir do labhair Cathal Mac Gabhann faoi gan aon mhoneplacht bheith ag comhlacht ar bith sa Ghaealtacht bhí sé ag tagairt ní hamhán don mhoneplacht i gcuairt tráchtála, ach bhí in aigne aige freisin an dearcadh sin ag an bpobal go bhfuil cineál monoplacht eile ag comhlachtaí sa Ghaealtacht a thugann díonacht dóibh ar na gnáth priacáil gnótha agus a choimeádaih i bhfeidhm iad le insteallaithe airgead Stáit cuma iad brabúl ná mí-éifeachtúil agus díreach de bharr go bhfuil siad lonnaithe sa Ghaealtacht agus ag tabhairt fostaiochta ansin.

SOILÉIRÍÚ

Dóibh siúd den dearcadh éidreorach sin thug an tUasal Mac Gabhann soiléiriú gan aon éideimhne i gcuid eile dá chaint i gCill Chartha: "... níl rath ar bith i ndán d'aon chomhchlacht nach bhfuil a bhainistíochta agus a shoiréann ládir agus éifeachtúil agus nach bhfuil sásta na leasaithe ar gá leo a chur i bhfeidhm do réir mar tá éileamh orthu sa gnó... Cinníte, is féidir le Údarás na Gaeltachta agus leis an Rialtas cuidiú le comhlacht ar bith deacrachtai a shárú, ach má feictear nach bhfuil an iarracht agus an dul chun cinn á dhéanamh a léiríonn go mbeidh sárú buan ar na fadhbanna ach an cabhair cui a fháil, ní leanfar ag cur breis caipítil ar fáil chun tuilleadh cailleannais a thuilleamh".

Tábhacht na Naoí-scoileanna

... "Blantá Criticiúla
Foráis an Pháiste"

Le Helen Bean Uí Mhurchú Cathaoirleach an Comhchoiste Réamhscoilaíochta.



Saoi sona sásta i Naíscail Chois Fharraige – Pictiúr le Jimmy Walshe.



Ná bí ag cur isteach ar an obair a mhac! – Naíscail Dhún Chaoin.
Pictiúr le Aodán Ó Conchúir.

IS MINIC a tharlaíonn, go háirithe ins na hEolaíochtaí mar shampla, go mbíonn an smaoineamh maith céanna ag daoine i ngan fhios dá chéile b'fhéidir, agus go minic neamhspleách ar a chéile. Ní hionadh mar sin gur tharla tuiscint ar thábhacht na naíscolaíochta ag an am chéanna ag Gaeltarra (mar a bhí), ag an gComhdháil agus ag an gConradh a chuidigh tú a chur leis an eagraíocht le cabhair airgid ó Bhord na Gaeilge, déanann a dh comhordnú idir roinnt de na hiarrachtaí seo trí an gComhchoiste Réamhscoilaíochta.

COMHOIBRIÚ

Ceann de na tortháí ba thábhactaí a bhí leis seo ná an comhoibriú idir an Chomhchoiste agus Údarás na Gaeltachta maidir le cur chun cinn na naíscolaíochta sa Ghaealtacht trí an Scéim Forbartha Naónraí. Más aon slat tomhais é an t-éileamh d'éirigh thar barr leis an Scéim seo agus tá an-mholadh ag dul don Údarás dá bharr, cé nár mhiste athbhreithniú a dhéanamh uirthi anois agus réimse na Scéime a leathnú. Deirim é seo mar nach beag an páirt atá le h-imirt ag an Naónra maith pobail, ní hamhán le leas an pháiste aonair, ach le leas na Gaeltachta féin.

Tuigtear anois oiread na tábhacta a ghabhann le blianta criticiúla foráis an pháiste ó bhreith go haois a cúig nó mar sin. Déanann an páiste níos mó forbartha agus dul chun cinn sa tréimhse seo ná mar a dhéanann sé go coibleaneasta an chuid eile dá shaol b'fhéidir. Mar shampla, aithnítear go coitianta anois an cumas chun teanga agus chun teangacha atá sa pháiste óg.

Is féidir leis an Naónra maith leathnú a dhéanamh

ar an gcúlra baile atá go maith agus cúteamh ar an gcúlra atá easnamhach ar chuíseanna nach bhfuil leigheas ag éinne orthu, atá bainteach b'fhéidir le saol, le tuiscint poiblí nó le foirgintí nach dtugann aon aird ar riachtanais pháistí bheaga.


ÓCÁIDÍ FOGLAMA

Baineann gnéithe éagsúla le forbairt an pháiste agus déanfaidh an Naónra maith freastal orthu seo go léir, mar brathann an dul chun cinn intleachtúil (a gcurtair an oiread sin béime air) ar an dul chun cinn ins na gnéithe eile – fisiciúil, mothúchánach agus sóisialta. Tá na tréithe pearsantachta, féinmhúiníne agus neamhspleáchais riachtanach freisin don ghníomhú intleachtúil. I dtimpeallacht spreagúil an Naónra maith ní chuirtear srian leis an bhfiosracht nádúrtha gurb' í bunsraith na foghlama í. Ní "múineadh" a déantar sa Naónra maith, ach cuirtear ar fáil ócайдí foghlama don pháiste féin atá oiriúnach dá stáid fhobhartha agus don dul a bhíonn aige san imirt. Agus tugtar aithint i gcoíneáin don bhfírinne nach ball aonair é an páiste, ach cuid dá theaghlaigh agus dá phobal i gcoitinne.

TODHCHAÍ

Tá Ghaealtacht an lae inniu faoi bhrú chultúrtha. Caithfear an Ghaeilge a dhéanann i réim thábhactach an teaghlaigh. Trí an Naónra mar ghléas pobail atá freagrach as todhchaí an aos óig, ní hamhán go dtugtar spreagadh do dhaoine athbhreithniú a dhéanamh orthu féin mar phobal, ach tugtar dóibh freisin an comhacht chun lámh gníomhach a ghlacadh in oideachas a bpáistí féin lasmuigh den teaghlaigh, agus dá thoradh sin ar chaomhnú a gcuiltúr féin agus ar nearút a bpobail féin, gan aon chailliúint dóibh féin.

Mar sin tá ról leathan ag an Naónra Gaeltachta. Is gléasra oideachais agus shóisialta é i dteannta chéile, faoi stiúir an phobail féin.



Fair an nua scannán suimiúil "Forbairt" (faoi stiúradh Bob Quinn) a chead thaispeáint phoiblí ar R.T.E. 2 ar lá le Phádraig. Thug an scannán léiriú ar an bhforbairt pobal agus ar an "réabhlóid chiúin" atá ar siúl ins na ceantair Ghaealtacha le blianta beaga anuas, go háirte ó tionscnaíodh an Comórtas Forbartha Pobal i 1974. Chomh maith le léargas a thabhairt ar iarrachtaí deonacha na bpobal éagsúla thug an scannán aitheantas don áit thábhact atá bainte amach anois ag na Comharchumainn i saol pobal na Ghaealtacha.

Beifear ag súil le deis chun léiriú den scannán a chur ar fáil do choistí agus do ghrúpaí eile ar spéis leo é amach anseo.

DUL CHUN CINN I gCORCA DHUIBHNE

Bhí teacht isteach £600,000 ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne i rith na bliana seo caite – sé sin ardú 50% ar an mbliain roimhe agus chomh maith leis sin d'éirigh líon na ndaoine atá faoi lán-fhostaíochta ag an gComharchumann go dtí 40.

Dhein an Comharchumann breis agus 1,000 acre talún a mhíntíriú i rith na bliana – an méid is mó fós a deineadh in aon bhliain amháin. Tá an-éileamh ar an obair seo faoi láthair de bharr an deontais speisialta 70%. Chun an obair breise seo a chur i gcrích bhí ar an gComharchumann a chuid innealra a dhúbailt.

Le cabhair ó Gaeltarra Éireann (Údarás na Gaeltachta) cheannaigh an Comharchumann feirm thaispeáintais (50 acre). Tá sé beartaithe feirmeoirí ná háite a thabhairt go dtí an fheirm chun scileanna agus modhanna feirmeoireachta nua aimseartha a fhícheáil.

Ainneoin na ndeachrachtaí a bhain le eagrú na gcúrsáil Ghaeilge de bharr staicí an Phoist agus na dTelewón bhí gach coláiste de chuid an Chomharchumainn lán i 1979. Is cosúil freisin go meádófar i 1980 an 800 dalta a fhreastal ar chúrsaí deireadh seachtaíne i 1978-79.

Chuir an easpa gréine isteach go mór mór ar fhás na dtráí go ginearálta anuraidh ach mar sin féin bhí an toradh ba mhór fós ag an gComharchumann – suas le 90 tonna in aghaidh an acra.

Comharthai spiorad agus Comhoibriú atá ag neartú Pobail Ghaeltachta ...



Duais £10,000 á bhronnadh ar phobal Inis Meáin, ó chlé: Maitíu Ó Néill, Comhalta de Údarás na Gaeltachta; Tarlach de Blacám, Bainisteoir, Comharchumann Inis Meáin; Máire Bean Uí Choincheanainn, Cathaoirleach an Chomharchumainn agus Cathal Mac Gabhann, Príomh Fheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta.



Proinsias Ó Floinn, Leas Phríomh Fheidhmeannach (Forbartha) an Údarás ag labhairt le ionadaithe ó phobail éagsúla i dTír Chonaill a bhuaigh duaiseanna sa Scéim Forbartha Pobal i 1979.

Ar an ardán tá, ó chlé: Don Mac Fhloinn, Rúnaí, Coiste Forbartha, Baile na Finne; Tadhg Ó Cuinn, Comhalta de Údarás na Gaeltachta; An tAthair Mac Seáin, Sagart Paróiste; P. Ó Floinn; Pól Ó Foighil; Maitíu Ó Néill agus T.P. Ó Conchúir, Comhaltaí de Bhord an Údarás.

DUAISEANNA FORBARTHA Á mBRONNADH AR NA BUAITEOIRÍ

INIS MEÁIN

Bhí Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn, T.D. i láthair le déanaí ag ócaid speisialta in Óstán Ryans i nGallimh nuair a bronnadh seic £10,000 ar phobal Inis Meáin a ghnóthaithe ceann de na príomh dhuaiseanna deireadh tréimhse sa Scéim Forbartha Pobal a thionscnaigh Gaeltarra Éireann (Údarás na Gaeltachta) i 1974. Rinne an tAire comhghairdeas le pobal an Oileáin, leis an gComharchumann agus le bainisteoir an Chomharchumainn, Tarlach de Blacám, ach go háirithe.

Tógraí

Ag labhairt dó thar cheann an Chomharchumainn dúirt Tarlach de Blacám gur mhaith an aghaidh é an £10,000 seo ar na daoine ar fad a thóg freagracht orthu féin agus a raibh sé de chúram orthu na tograí éagsúla a sheas dóibh sa chomórtas – ar chniotáil, ar leictreachas, ar an gCéibh, An Coileáar, An tAerstráice, Halla Naomh Eoin, agus go leor eile atá anois ag cur fás, fostaíocht, forbairt agus compóird na haoise seo ar fáil do phobal an Oileáin agus atá mar chomharthaí den spiorad agus den chomhoibriú atá ag neartú ar an Oileán.

Fadhanna

Le bliain anuas adúirt sé, tá fás tagtha ar an dtionscal Cniotála le margáí nua faigte acu agus 50% de na táirgí dá n-easpórtáil anois – agus é seo i mbliain a rabhadar ceithre mhí gan aon seirbhís aer agus sé mhí d'uireasa an 'Naomh Éanna'. Dúirt sé gur cruthaíodh fadhanna uafásacha mar gheall ar easpa na seirbhísí seo agus gur bheag duine atá ina chónai ar an tir mór atá in ann deacrachtáil oileáin a thuisint, go háirithe oileán oscailte ar nós Inis Meáin atá gan córas iompair ceart agus fiú amháin gan foscadh nádúrtha. Dúirt an tUasal de

Blácam go raibh an Ghaeilge níos láidre ar an Oileán ná mar a bhí in aon áit eile sa tír ach gurbh iad na seirbhísí bunstructúir an gad is goire don scornachanois. Cé go raibh bád beag paisnéirí agus lasta éadrom á cheannach ag an gComharchumann don Samhradh seo chugainn, ní leigheasódh sé sin na deacrachtaí móra cumarsáide atá acu ar feadh cúpla mí den Samhradh. "In ainneoin na bhfadhbanna atá againn", a dúirt sé "tá cúpla céim mhór chun cinn tógha ag Inis Meáin le roinnt blianta anuas le cabhair agus cúnamh ó na hEagrais Stáit go háirithe Roinn na Gaeltachta agus Gaeltarra Éireann/Údarás na Gaeltachta".

DÚN NA nGALL

Ag fáiltiú san Mill Wheel, Baile na Finne, Co. Dhún na nGall bronnadh duaiseanna ar 6 cheantar Gaeltachta a bhuaidh duaiseanna sa Scéim Forbartha Pobal anuraidh. Bronnadh seic ar £5,000 ar phobal Baile na Finne ceann de na holl-buaiteoirí sa Scéim 5-blíana agus duaiseanna de £1,250 in iomlán ar na chúig cheantar eile a bhuaidh duaiseanna i ranna ar leith den scéim ar cuireadh an duais-chiste bliantúil ar fáil dóibh ag Comhlachtaí ón earnáil phríobháideach tráchtála.

Baile na Finne

Chun teacht ar 011-buaiteoir agus buaiteoirí bhliantiúla sa Scéim deineadh meas ar thograí forbartha faoi na cinn-teidil seo leanas: Tionsclaioch; Iascaireacht; Turasóireacht; Teanga/Cultúr; Caitheamh Aimsire agus Seirbhísí. Faoi gach ceann teideal díofa seo rinne pobal Baile na Finne éacht suntasach a bhfuil a thortháí so-fheicthe sa cheantar. Chuir an pobal an-bhéim ar blunú tionscal sa cheantar. Togadh céibh le cois na locha agus cuireadh báid

Loch an Iúir: Duais Bhanc Uladh

Banc Uladh a bhí mar co-phatrún don duais a bhuaidh Loch an Iúir i gcóir sólathair áiseanna turasóireachta sa cheantar. Togadh céibh le cois na locha agus cuireadh báid

thosnaigh Hecker Hartglas Teo. ag taigíú san réamh-monarcha a bhí tógha ag Údarás na Gaeltachta.

I measc na n-éachtanna eile a bhain an pobal beag seo amach tá:

- Tús curtha le scéim uisce
- Taighde ar siúl ó thaobh foinsí uraníum.

- Cúrsa tóglá de chuid AnCO curtha ar siúl sa cheantar ag a d'fhreastal 29 fear óg. Mar thoradh ar seo tá meitheal tóglá ag obair sa cheantaranois agus ag freastal ar chuid mhór de riachtais tóglá an Chomhairle Condæ.

- Mart nua á thógáil i gcóir caoírigh agus eallaigh.

- Scéim speisialta iasachtaí tionscnaithe i gcomhar leis an ACC.

- Scoláireacht a talmhaíochta bliantúil le cabhair ón gCoiste Talmhaíochta.

- Deontas faighe ó Roinn na Gaeltachta chun céibh bheag a thógáil ar Loch Finne.

- Uiscí an cheantair i seilbh an phobail féin anois agus ceadúnais iascaireachta ar fáil. Club iascaireachta bunaithe.

- Treoir-chasáin spéisiúla agus stairiúla aimsithe agus comharthaí curtha suas chun cuairteoirí a threorú.

- Áras pobail tógha faoi Scéim Oiliúna AnCO.

- Ionad lae do sheandaoine ins na Cealla Beaga. Réamh-obair déanta agus comhchainteanna tosnaithe le Bord Sláinte an Iar-Thuaisceart. Tabharfaidh sé seo seirbhís do na pobail móthimpeall.

- Ranganna garthartháil (Civil Defence) a bhfuil clú agus cál bainte amach

ar chíos ar fáil do thurasóirí.

- Críochnaíodh an teach bád le hais na locha. Is féidir na báid agus fearas eile a bhaineann leis na báid a storáil ann.

- San Samhradh anuraidh osclaíodh an "Club House" – áit a bhfuil áiseanna tionól, seomraí gléasta, 7rl do iascairí.

- Rinneadh forbairt ar charr-chlós le hais na locha freisin.

Cill Chárthaigh: Duais Bhanc an Tuaiscirt

Banc an Tuaiscirt a chuireann an duais bhliantúil seo ar fáil i gcóir comhoibriú idir phobail agus is é Cill Chárthaigh a bhuaigh an duais i 1979 i leith an comhoibriú agus dea-mhuintearais a chothaigh siad le pobal na Carraige, Pobal Ghleann Colmcille agus na Cealla Beaga ar na scímeanna seo leanas:

- Teilifís Píobáin a fháil – an réamh obair déanta.

- Páirc Peile a fhorbairt – an pháirc sillte – scéimeanna bailiúchán airgid ar siúl sna pobail éagsúla.

- Ionad lae do sheandaoine ins na Cealla Beaga. Réamh-obair déanta agus comhchainteanna tosnaithe le Bord Sláinte an Iar-Thuaisceart. Tabharfaidh sé seo seirbhís do na pobail móthimpeall.

- Togadh bóthar chuig trí cinn de lochanna éagsúla sa cheantar, maraon le

acu. Comhoibriú agus comh-iarracht óna Gleantaí, Ard a' Ráthá, na Cealla Beaga agus i gCill Chárthaigh féin.

Bhain siad amach an dara áit in Éirinn i 1978.

– Drámaíocht – tógtar na drámaí go dtí na Paróistí éagsúla.

– Cuireadh pór bradán agus bric dhonna i lochanna áitiúla.

– Eagraíodh ranganna ceangal baoite (fly-tying) i gcóir iascairí an cheantair.

Gleann Finne: Duais an I.T.G.W.U.

Gleann Finne a bhuaidh duais an I.T.G.W.U. i gcóir soláthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire sa cheantar.

– Eagraíodh mórchuid imeachtaí spóirt – peil Gaelach, Badmantan, Cispheil, Iománaíoch, Peil do mhgná.

– Reachtáiltear bazaar bliantúil chun airgead a bhailíú chun a chur ar chumas na bhfóirne páirt a ghlacadh ins na himeachtaí éagsúla ar fud an chondae.

– Ionad pobail nua beagnach críochnaithe (taobh leis an bpáirc peile) a chuirfidh áiseanna ar fáil ar nós: seomraí gléasta, cithfholcadh, seomraí cruinntíche maraon le Pianú liathróid láimhe. Rinneadh cuid mhór obair dheonach ar an ionad pobail agus rinneadh cuid mhór dhe freisin tríd an Youth Employment Scheme.

COMÓRTAS CULTÚRTHA IDIR-MHONARCAIN

Seo Comórtas nua do chomhlachtaí Gaeltachta. Is féidir le aon chomhlacht a bhfuil Coiste Shóisialta ag feidhmiú ann cur isteach ar an gComórtas. Tá trí cinn de dhuaiseanna á thairiscint ag an Údarás:

1) £1,500 agus Trofaí an Irish Times 2) £1,000 3) £500

Togfar na pointí seo leanas san áireamh nuair a bhéifear ag déanamh meastóireacht ar iarracht an mhonarcha.

- An t-iarracht atá déanta ag an gcomhlacht cursaí a chur ar fáil do dhaointe gan Gaeilge.
- An t-iarracht atá déanta le daoine le Gaeilge amháin a thógáil isteach san mhonarcha.
- An tionchar atá ag an gcomhlacht ar an bpobal áitiúil.
- An pháirt a ghlaçann an comhlacht in imeachtaí cultúrtha agus sóisialta.

Breis eolais le fáil ón Rannóg Phearsanra, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

"BEIDH GUTH NA GAELTACHT"



● Aire na Gaeltachta, Máire Eochagáin Uí Chuinn, T.D. agus comhaltaí an Údarás nua, ó chlé, chun tosaigh tá :-
Máire Bean Mhic Niallais (Dún na nGall), Seán Ó Neachtain (Gaillimh), Aire na Gaeltachta, Maitíú Ó Néill (I.T.G.W.U.), Micheál Ó Máille (Cathaoirleach).
Ar gcúl :T.P. Ó Conchubhair (Ciarráil), Pól Ó Foighil (Gaillimh), Breandán Mac Gearailt (Ciarráil), Liam Toibín (Rúnaí Roinn na Gaeltachta), An Dr. Pádraig Delap (Dún na nGall), Tadhg Ó Cuinn (Maigh Eo), Domhnall Ó Muimhneacháin (Corcaigh), Tadhg Ó Néill (I.D.A.), Pádraig Ó Ceallaigh (Dún na nGall).



● Cuid d'fhoireann Údarás na Gaeltachta agus feidhmeannaigh eile ag éisteacht le aitheasc Cathaoirleach an Údarás, an tUasal Micheál Ó Máille.

Camera: Jimmy Walshe

Cruinniú Stairiúil an Údarás

"Ní féidir le duine ar bith a rá feasta nach bhfuil guth na Gaeltachta le chloisteáil go tréan sa phríomhchomhlacht reachtúil atá ag plé le forbairt na Gaeltachta" a dúirt Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn T.D. nuair a bhí sí i láthair san Ardoifig chun Údarás na Gaeltachta a ghairmiú go foirméalta. Chuir sí fáilte roimh an Cathaoirleach nua-cheapaithe, Micheál Ó Máille, roimh na comhaltaí eile a ghlac le ceapachán uaithe fén agus ach go háirithe roimh na comhaltaí a bhí tofa go daonlathach ag pobal na Gaeltachta don chéad uair riamh. "Tréaslaím leis na daoine a sheas sa toghchán agus a tháinig chun tosaigh nuair a comhairíodh na vótaí agus is fada atáimíd ag feitheamh le hionadaithe dá leithéid" a dúirt sí. "Tá súil agam go mbeidh a rian le haithint san obair mhór atá romhaínn agus go mbeidh páirt níos gníomháí ná riamh ag an bpobal san obair sin".

Faoi Chomaoin Mhór

Dúirt an tAire gur mór an phribhléid di féin gur ar a ceannsa a thit sé na céimeanna deiridh a ghlacadh chun Údarás na Gaeltachta a bhunú ach gurb é an tAire a bhí ag gabháil don réamh obair riachtanach le cúpla bliain anuas ná Donncha Ó Gallachóir agus go mba mhaith léí buíochas a chur in iúl dó go poiblí. "Tá pobal na Gaeltachta faoi chumaoin mhór aige" a dúirt sí. "Gura fada buan dó."

Beartas

Anois nuair atá an túdarás ar an saol faoi dheireadh céard a bheidh le déanamh aige? "Ní gá domsa an beartas a chumadh ar an ócáid seo" a dúirt an tAire mar leagadh síos go soiléir é cùig bliana déag ó shin sa Pháipéar Bán um Athbheochan na Gaeilge:—

Is é aidhm atá le beartas an Rialtas don Ghaeltacht gníomhaíochtaí oiriúna a chaeacnamaíochta a spreagadh agus a fhairsingí agus cursáil sóisialacha a fheabhsú ionas go mbeidh deiseanna leormhaithe ag na daoine a chónaíonn sa Ghaeltacht, agus arb í an Ghaeilge a gnnáthurlabhra, chun fostáiocht shocrach a fháil agus caighdeán réasúnta mhaireachtála a bheith acu.

Dúirt sí gur de réir an bheartais sin a tugadh cumhachtaí breise do Ghaeltarra Éireann i

1965 — chun tionscail a phorbairt ar fud na Gaeltachta agus go raibh moladh agus buíochas ag dul do Bhord agus d'fhoireann Ghaeltarra as ucht a bhí bainte amach acu go dtí seo.

An Ghaeilge

"Anois i dtús na h-ochtoidí is ar an Údarás atáimíd ag brath chun lán-fhostafocht a chur ar fáil do na cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht a luaithe is féidir. Tá ná cumhachtaí go léir a bhí ag Ghaeltarra, agus tuilleadh nach iad, san Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979 atá i bhfeidhm le cúpla lá. Tá béim níos láidre ná riamh ar an nGaeilge san Acht nua. Baineann alt 6 le feidhmeanna an Údarás agus is mar seo a leanas a thosaíonn sé:—

Déanfaidh an túdarás caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide na Ghaeltachta a spreagadh agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann.

"Nuair a luaim féin an Ghaeltacht is ceantair ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt go coitianta a bhíonn i gceist agam. Mura mbeidh an Ghaeilge á labhairt ar chóir don Rialtas airgead speisialta a chur ar fáil gach uile bhliain lena chaitheamh ar mhaith leis an nGaeilge? Murach an Ghaeilge cén gnó a

CHTA LE CLOISTEÁIL

bheadh ann d'Aire na Gaeltachta, do Rojnn na Gaeltachta, nó d'Údarás na Gaeltachta? Le fírinne is féidir an phríomh chuspóir atá agaínn a chur in aon abairtín amháin — cainteoír Gaeilge a choinneáil sa Ghæltacht agus iad a choinneáil ag labhairt na Gaeilge. Tá dualgas orainn uile muintir na Gaeltachta a spreagadh i dtreo go mbeidh fonn orthu cloí leis an nGaeilge agus í a chur chun cinn "mar p h r í o m h - m h e á n cumarsáide" faoi mar a lúaitear san Acht: baineann sé sin go háirithe leis na ceantair sa Ghæltacht oifigiúil nach bhfuil móran Gaeilge á labhairt iontu faoi láthair. Cén chaoi a gcuirfear chuige? Ó tharla go bhfuil taithí ar


leith ag formhór na gcomháiltáí ar fhadbanna den chineál sin is amhlaidh ba mhaith liomsa go dtiocadh an tÚdarás ar aghaidh le moltaí fiúntacha".

Foireann Oilte

Dúirt an tAire gur daoine a mbíonn brú mór orthu ina ngairmeacha féin comhaltaí an Údarás agus is go páirtaimseartha a bheidh siad ag gabháil d'obair an Údarás. "Is maith an rud é mar sin go bhfuil eagraíocht láimh a cheile le dúthracht agus le dea-thoil".

"Chun na spriocanna atá romhainn a bhaint amach caithimíd oibriú as láimh a cheile le dúthracht agus le dea-thoil".

Cathaoirleach, Bord Údarás na Gaeltachta, Micheál Ó Máille.



"Deireadh leis an Éiginnteacht"

"Tá caint agus éiginnteacht faoi Údarás na Gaeltachta le 8 mbliana anuas agus tá áthas orainn go bhfuil deireadh leis an éiginnteacht sin anois" a dúirt Cathal Mac Gabhann, Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta san aitheasc a thug sé ar ócайд ghairmiú an Údarás san Ardoifig le déanaí.

"Tugann an tosnú nua seo misneach nua dúinn. Beimíd ag súil le smaoíntí nua agus tosaíocht nua ón Údarás, agus is cinnte go mbeidh fás agus forbairt nua ann faoi'n eagraíocht nua, ní hamháin maidir le cursaí eacnamaíochta, ach maidir le forbairt agus caomhnú na teangan chomh maith" a dúirt sé.

Fáilte

Chuir sé fáilte roimh Aire na Gaeltachta, roimh Chathaoirleach an Údarás, an tUasal Micheál Ó Máille, agus roimh na comhaltaí nua eile a ghlaic le ceapachán ó Aire na Gaeltachta nó a bhí tofa ag pobal na Gaeltachta. Dúirt sé go ndéanfadh siad an ceangal idir an Eagraíocht agus Muintir na Gaeltachta a dhlúthú in iomlán. D'fháiltigh sé roimh iar-chomhaltaí ó Bhord Ghæltarra a bhí arais ar Bhord an Údarás — Liam Toibín,

Rúnaí Roinn na Gaeltachta; Tadhg Ó Néill, Stiúrthóir ón I.D.A.; Maitíu Ó Néill ón I.T.G.W.U. agus Tadhg Ó Cuinn a thogh Muintir na Gaeltachta an babhta seo. "Le triú as Tír Chonaill, beirt as Conamara, beirt as Ciarráí, duine as Muscraí agus Maigh Eo, tá an tÚdarás beagnach chomh hionadaíoch agus a d'fhéadfadh sé a bheith" a dúirt sé.

Dílseacht

Thug an Príomh Fheidhmeannach geallúint don Aire agus don Údarás go dtabharfaidh an Bhainistíocht agus an Fhoireann an Dílseacht agus an dúthracht céanna don Aire agus don Údarás agus a bhí tugtha do na hAirí go dtí seo agus do na Bordanna uile a bhí ar Ghaeltarra ó 1958 ar aghaidh.

Deireadh leis an Meath

Ag tagairt don mhéid dul chun cinn a rinneadh faoi Bhord Ghæltarra, ach go háirithe ó fuair an Bord cumhactaí forbartha i 1967, dúirt an tUasal Mac Gabhann gur tógadh 128 monarcha le spás 1,660,000 tr. cr. agus go bhfuil 24 foichmhlacht agus 32 chomhlacht eile ina bhfuil scaireanna ag an Údarás. Tá 3,150 acra de bhanc talún i seilbh i gcóir forbartha. Cuirteadh fostáiocht

ar fáil do bheagnach 4,800 de mhuintir na Gaeltachta agus tá fás 8% tagtha ar dhaonra na Gaeltachta ó 1971 ar aghaidh. Tá deireadh anois leis an meath a mhair ar feadh 130 bliain agus léiríonn sin go bhfuil forbairt eacnamaíoch ag cothú forbairt pobal.

Faoi'n Bhord dhein Ghæltarra ceann-rodaíocht ar an scéim miointionscaill, ar Fhorbairt Bhainistíocht Ghæltacha, ar oiliúint miointionsclóirí agus ar fhorbairt acmhainní nádúrtha — mar iasc fheirmeoireacht. Freisin d'aistríodh ceann-cheathrú na hEagraíochta ó Bhaile Átha Cliath go dtí na Forbacha. Táimid buíoch do bhaill Bhord Ghæltarra nach bhfuil linn níos mó. Thug siad a gcuid ama agus a gcuid taithí dúinn go fíal flathúil ar fhíor-bheagán airgid agus ar fhíor-bheagán aitheantaí.

Tá an tÚdarás ag teacht i bhfeidhm ag deireadh tréimhse an-ghnóthach agus an-thorthúil. San bhliain 1979 ceadaíodh 174 togra a chuirfidh iomlán de 1,290 post ar fáil faoi lán t-seoil. Tá níos mó tográí faoi idirbheartaíocht faoi láthair ná mar a bhí le roinnt mhaith blianta anuas. San bhliain 1979 thógamair 15 monarcha nua le spás iomlán

2000,000 tr. cr. Sa bhliain 1979 bhí an-bhéim arís ar thograí bheaga le préamhacha áitiúla seachas na mór-thograí nach mbeadh chomh oiriúnach do cheantracha iargúla faoin dtuath.

Forbairt Pobal

Sa bhliain 1979 a críochnaíodh an chéad Chomórtas Forbartha Pobal agus tá scéim eile réidh le cur os comhair an Údarás. D'éirigh go han-mhaith le comórtas Shóisialta agus Cultúrtha idir cheantair agus idir monarchanna i rith na bliana. Cuirteadh suas le 20 Na-Scoil ar bun chun an Ghaeilge a mhúineadh do leanún roimh dul ar scoil

dóibh. Beidh i gceist againn na scéimeanna agus na comórtais atá tosnithe cheana féin a fhorbairt níos mó chun a chinntí nach ndéanann forbairt eacnamaíoch dochar don Ghaeilge.

Téarmaí Tagartha

Tosnaíonn an tÚdarás le buntáiste nua atá an-tábhachtach ar fad. Nuair atá deontas níos mó ná £100,000 i gceist tá rogha ag an Údarás páirtíocht a ghlacadh i dtionscaill nua ní gan páirtíocht a ghlacadh. Cuirteadh sin go mór le solúbhacht. Cabhróidh sé go mór tográí maithe a mhealladh agus tográí contúirteacha a sheachaint. Tá soláthar ann chun cead a



Brian Mac Aonghusa, Ceannaire Radio na Gaeltachta agus Máire Bean Mhic Niallais, Ball de Bhord an Údarás, i mbun comhráití ag ócайд ghairmiú an Údarás.



Cúinne na nÓg

Dia is Muire dhíbh a cháirde óga agus tá súil againn go mbainfidh sibh go léir taithneamh as an scéal grinn seo

le Máirtín Davy

Bhí scoil Bhaile na bhFód le saoire na Cásca a fháil i gceann cúpla lá. Bhí sé le feiceáil go soiléir i súile agus in iompar Andy nach raibh sé ag iarraidh a bheith timpeall an tí ar feadh na Cásca. Bhí chuile shórt rud aige ina chloigeann ach an méid a bhí sna leabhair a bhí aige ar scoil.

Chuir an Sagart Paróiste ceist ar an rang lá amháin: "An bhfuil Dia chuile áit?" Dúirt chuile dhuine go raibh.

"Tá, cinnite," a deir an sagart, "agus fiú amháin

dtiocfadh tú féin síos in éineacht le Sop go dtí go n-oscáidh an scoil arís."

"Ó! Tá mise sásta," a deir Mrs. Long, "a fhad is go mbeidh Sop agam sa teach. Tá fálte roimh Andy an

rua breá faoi Shop — agus ba mhór an t-athrú é sin dó ón leac fhuar a bhí faoin gcrann spíonáin san iothlann.

Nuir a bhí béisite ag Andy thug Mrs. Long suas

Andy agus "Sop"

thíos i do mhálasa, a Andy."

"Bhuel má tá," a deir Andy, "ta súil agam nach dtáinig aon stiúghadh ocras air, mar tá mo lón thíos ansin!"

Chuir sin deireadh le ceisteanna an tsagairt.

SAOIRE

Cé a bhualfeadh isteach tráthnóna Déardaoine, an lá sula bhfuair Andy saoire na Cásca, ach Mrs. Long as Luimneach, Ar ndóigh, bhí aithne mhaith ar Mr. agus Mrs. Long i mBaile na bhFód. Cén fáth nach mbeadh? Nach dtagaidis ag campáil ag an gCasadh Mór chuile bliain?

Bhí fáilte mhór aice roimh Andy nuair a tháinig sé isteach agus a mhadadh beag buí, "Sop" caite aniar ar a mhuineál aige mar a bheach cochall ann.

"Beidh — Mrs. Long ag tabhairt Shoirí léi nuair a bheas sí ag imeacht," arsa Nan Rua le Andy agus é díreach ag caitheamh Shoirí anuas ar bhord na cistine.

"Má tá Sop ag imeacht," arsa Andy, "ímeoidh mise freisin! Ar aon nós, cén gnatthe an diabhal atá aici sin de mhadadh chiallmar mar sin? Nach bhfuil an ceart agam, a Shoirí?" agus thug sé póg do Shop ar an tsróinín dhubbh. Dá dtabharadh sé seacht bpó dó, aird dá laghad ní thabharadh Sop air, ach é ag placadh na mbrioscá a chaith Mrs. Long chuige.

"Ar ndóigh," a deir Nan Rua, "tá mise ag ceapadh gur chuma le Mrs. Long dá

Cáisc a chaitheamh linn — tá neart spáis."

"Tá sin go hiontach," a deir Nan, agus rith amach go dtí an stábla san áit a raibh a fear chéile Tomás ag cur buinne béal ar chliabh.

"An bhfuil tú sásta Andy a sc a o i l e a d h g o Luimneach?"

"Sa bpríosún atá sé ag gabháil, an ea? Bhí a fhios agam go maith gur ann a chrochnódh sé!"

"Ní hea, a Thomáis. Mrs. Long atá ag iarraidh é a thabhairt síos léi go ceann seachtaire."

"Ó, scaoil léi é. Déanfaidh sé maith dó."

LUIMNEACH

Chuaigh Nan isteach agus áthas an domhain uirthi go mbeadh seans ag Andy a ghabháil go Luimneach le haghaidh na Cásca. Bhí sé deich nóiméad tar éis a sé nuair a d'fhág Mrs. Long, Andy agus Sop tigh Nan Rua.

"Bí go deas le Mr. agus Mrs. Long anois, a Andy!"

"Beidh, a Mhama. Coinneoidh tú píosa de cháca Cásca dom?"

"Coinneoidh mé, cinnte a mhaicín."

Níor thóg sé i bhfad orthu a ghabháil go Luimneach, mar chuir Mrs. Long an bhúatais síos agus stop ná stad ní dhearna siad gur leaindeáil siad i Luimneach.

Isteach leo sa teach. Chuir Mr. Long fáilte roimh Andy, agus roimh Shop chomh maith. Dúradh le Andy suí síos ar chathair a mhór bhog, agus cuireadh

an staighre é go dtí an seomra. Nuair a d'oscail sí an doras bhuail púir teasa Andy isteach sa smut.

"Anois," a dúirt Mrs. Long, "seo é do sheomra agus tá súil agam go gcodlóidh tú go maith."

"Ó bí cinnte de!" a deir Andy, agus rinne poillín in airde ar an leaba.

"Óche mhaith agat anois!" a deir Mrs. Long.

Sheas dhá shuíl Andy ina chloigeann nuair a chuala sé "Óche mhaith" á rá leis.

CODLADH

"Ag dul a chodladh chomh luath seo! Muise, sa mbaile bheadh mé féin agus Seorse Sheáin Mhór ag imirt chartaí nó amuigh sa stábla agus mé ag fáil an-spórt ag ealaín leis an súiste. Dá mbeadh a fhios agamsa go mbeadh an áit seo mar seo, méar ná srón ní chuirfeadh mise isteach ann go deo!"

Bhain de a chuid balcaisí agus chaith isteach é féin sa leaba. Nuair a shín sé a chuid cosa amach uaidh bhuail sé cic ar rud éigin bog. Chuir síos a lámh agus thug anois é — málín bán a bhí ann agus ruóig ar a bharr. D'oscail sé an ruóig agus thug anois an buidéal rubair a bhí thíos ann.

"Cheap mise gur le duine a choinneáil te a bhí ceann acu seo, ach anois tá a fhios agam go mbíonn sé féin fuar!"

Chuir an málín bán ar an mbuidéal arís.

Bhí sé ag cinneadh ar Andy aon néal codlata a dhéanamh agus amach leis

as an seomra. Nuair a bhí sé leath bealaigh síos an pasáiste chonaic sé fuinneog bheag lena thaobh agus nuair a bhreathnaigh Andy síos, céard a bheadh thíos faoi ar an tsráid ach rothar deas nua. Ní raibh Andy ar aon rothar ón samhradh.

AN ROTHAR

Isteach leis sa seomra arís agus tharraing air a chuid balcaisí. Amach leis an fhuinneog ansin agus síos leis an bpíobán uisce. Chroch leis an rothar, amach leis an geata beag iaraínn, agus síos lasta an tsráid.

Bhí fear ag gabháil trasna na sráide agus málín páipéir de sceallóga fatalí aige. Bhí sé ag diúl a chuid méar ina ndiaidh nuair — hup! bhí sé sínte ar an mbóthar agus sceallóga timpeall air agus deatach astu.

Ní raibh a fhios ag mo dhuine bocht nach sciorradh a rinne sé mar bhí Andy imithe as radharc ar an bpointe.

Chas Andy suas bólítrín beag — agus isteach leis i ndiaidh a chinn roimhe i gcró cearc! An chéad rud eile, ní raibh tada le feiceáil san aer ach cearc agus lachain. Bhí clúmh le feiceáil chuiile áit. Is gearr go dtáinig bean an tí amach agus scuab leathan aice. Thug Andy faoi na boinn é agus d'fhág an rothar ansin.

Bhí sí ag teacht suas leis nuair a d'imir agus uaithi, mar sciort sí ar na sceallóga a bhí ag mo

dhuine a leag Andy cúpla nóiméad roimhe sin. Chonaic Andy an geata beag bán agus bhí sé ar an t-aon cheann a bhí oscailte ar an mbóthar. Bhí a fhios agie ansin gurbh shin é an teach ceart. Isteach leis an bealach céanna ar tháinig sé amach, ach go raibh roinnt dreapadóireachta le déanamh aige an t-am seo. Suas leis go dtí a sheomra go ciún.

TORANN

Is gearr gur chuala sé an torann taobh amuigh. Amach leis as an seomra agus bhreathnaigh amach. Cé a bheadh ag an doras ach an bhean a lean é ón tsráid.

"Fan go dtiocfaidh mise isteach! Bainfidh mise deatach as an ógánach sin atá agaibh!" An chéad rud eile bhí Mr. Long amuigh ina diaidh agus an tlú aige. Rith sí, agus rith Andy é féin isteach ina sheomra. Cé a bheadh istigh sa leaba roimhe ach Sop. Shíl Andy é a chur amach ach ní chorródh sé dó.

"Fan anseo mar sin," a deir Andy, "ach tá sé chomh maith duit a bheith imithe roimpi siúd ar maidin!"

Thit néal ar Andy sa deireadh, ach ní raibh sé i bhfad ina chodladh nuair a chuala sé geonaíl. Isteach le cat móir bán trí fhuinneog a bhí leathoscailte agus a bhí díreach os cionn an dorais.

Nuir a chonaic Sop an cat, thug sé faoi láithreach. D'oscail Andy an doras leis

an gcat a chur amach. Lean Sop é, agus níl aon áit ar fud an tí nár chuir siad rudaí bunoscionn.

Sa deireadh, chuaigh siad isteach an doras sa seomra ina raibh Mr. agus Mrs. Long. Suas leis an gcat ar an leaba. Suas le Sop ina dhiadh. D'éirigh Mr. Long aniar sa leaba: "Will you get that damn dog out of here!" ar seisean le Mrs. Long.

D'éirigh Mrs. Long agus chuir an cat isteach sa stábla taobh amuigh agus chuir an glas ar Shop sa seomra suite.

TIGH NAN RUA

Nuir a bhí an bricfeasta ite aice ar maidin, thug sí léi Andy agus Sop sa charr agus níor labhair focal gur leaindeáil siad Tigh Nan Rua. Scaoil sí amach Andy agus Sop agus d'imir leír sí.

Amach le Nan agus iontas an domhain uirthi.

"Céard a tharla, a Andy?" Cén fáth nár fhan tú thíos?"

"Bhí an oiread sin cumha ar Shop agus gurbh éigean dom é a thabhairt abhaile. Níor dhún sé súil aige aréir. Bhí deifir ar Mrs. Long, ach d'imir sí go mbeadh sí anfíos arís uair éigin. "An bhfuil a fhios agat, a Mhama, go bhfuil rothair níos sciobtha acu i Luimneach ná mar atá acu anseo."

"Tá na bóithre níos fíor thíos ansin ná anseo," a deir Tomás.

"Ó, tá," a deir Andy.

Críochnaigh na sean-fhocail



Críochnaigh na sean-fhocail seo leanas agus seol na freagraí chugainn roimh 31ú Márta. Tabharfar duaiseanna £20, £10, £5, £3.

1. Má's cam nó díreach an ród, sí
2. Más mian leat thú a mholadh faigh bás, más
3. Is maith an marcach an té
4. Is fearr stuaim
5. Ní lá dá fhad nach

Comhghairdeas leis an gceathair a ghnóthaigh na duaiseanna sa chomórtas a bhí in Eagrán Uimhir 9 de "Sa Ghaeltacht" agus ár mbufochas do na céadta iomaitheoirí eile a sheol freagraí ar aghaidh chugainn.

NA BUAITEOIRÍ


1. Clár Ní Chonghaile, Scoil Naomh Shéamais, Bearna, Co. na Gaillimhe, a ghnóthaigh an mór dhuais £20.
2. Bríd Ní Chualáin, Baile an Lurgain, Inis Oírr, Oileán Árann, Co. na Gaillimhe a bhuaidh an dara duais £10.
3. Pólín Ní Ghallchóir, Oifig an Phoist, Árann Mhór, Leitir Ceanainn, a bhuaidh an tríú duais £5.
4. Máire Ní Fhlatharta, Scoil an Droma, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe a ghnóthaigh an ceathrú duais £3.

Rug siad Craobh Peile na h-Éireann leo!

Údarás na Gaeltachta 1-7

I bPort Omna ar 1 Márta bhuaidh Foireann Peile Údarás na Gaeltachta Craobh Peile na h-Éireann sa chluiche cheannais (ath-imirt) i gcomórtas peile idir-chomhlacha (sóisearach). Bhí Údarás na Gaeltachta istigh sa chomórtas seo don chéad uair riamh i 1979.

Sa chéad chluiche, i mí Samhna seo chaite, bhí an t-ádh ar na peileadóirí Ghaeltachta nuair a chríochnaigh an dá fhoireann ar chomh-scór agus is ar éigin a



SUAS LEO! Cic ard ag teacht i dtreo Seán Ó Labhra, Údarás na Gaeltachta agus Séamus Mac Enrí, Bord na Móna.

Bord na Móna 0-4

bhí an ath-imirt tulite acu in aon chor. Ní hamhlaidh a bhí sé sa tarna cluiche agus tá ard-mholadh ag dul do gach uile imreoir agus ach go h-áirithe don bheirt a d'imir go tréan i lár na páirce don Údarás – Pádraig Ó Somacháin agus Mícheál Ó Philbín.

Comhoibriú agus comhthuiscint foirne a bhí ann ó thús deireadh le cluiche breá oscailte agus peil fóntach den "sean nós". Nuair a d'aimsigh Peadar Ó Ceallaigh cún go luath sa dara leath is beag duine a bhí amhrasach faoin toradh. D'éirigh le foireann an Údarás an chéad scór a bhaint amach le cúilín ó Phádraig Ó Conghaile ach bhí an dá fhoireann ar chomh-scór arís nuair a bhuail Ó Buachalla an liathróid thar an dtrasnán do Bhord na Móna. Ar feadh tamaill bhí an lámh in uachtar ag Bosco Ó Lorcáin agus Proinsias Ó Conchúir do Bhord na Móna i lár na páirce agus d'aimsigh Pádraig Ó Buachalla cúilín eile sa deichiú nóiméad. Roimh leath-am chuir Pádraig Ó Conaire cic saor thar an dtrasnán agus bhíodar cothrom arís ach d'éirigh le Máirtín Ó Cualáin cúilín eile a scóráil chun na fir Ghaeltachta a bhrú chun tosaigh.

DARA LEATH

Sa dara leath bhí foireann an Údarás chun tosaigh i gcónai go mór mór taréis "cúl Uí Cheallaigh" agus nuair a d'aimsigh Proinsias Breathnach agus Máirtín beag Ó Cualáin dhá chúilín eile bhí an lá ag na "G"s. Mar sin féin d'éirigh le Ó Buachalla as Bord na Móna dhá chúilín eile a sheoladh thar an dtrasnán ó na saor-chiceanna a fuair siad ach b'íad Máirtín Ó Cualáin agus Pádraic Ó Conaire a chríochnaigh an cluiche le cúilín an duine d'Údarás na Gaeltachta.

Liathróid Láimhe i dTír an Fhia

le Tomás Ó Ceallaigh

Bhí an-taispeántas liathróid láimhe agus liathróid raicéid sa chúirt nua atá tógra ag Comharchumann na nOileán i dTír an Fhia le déanaí nuair a tháinig foireann aneas ó Ghaeltacht Bhaile Mhúirne agus thugadar dúshláin fhoireann as Conamara sa chéad chomórtas idir-Ghaeltachta i gcúirt faoi-dhíon 40 x 20.

An-Thaispeántas

Bhí an lá le foireann Bhaile Mhúirne sa chomórtas liathróid láimhe agus bhronn Brian Ó Baoill curadh-mhíreann thar ceann Údarás na Gaeltachta ar Dhónall Ó hÉalaithé, Diarmaid Mac Cáirthaigh, Donnchadh Ó Ceallaigh, Seán Ó Maoláin agus Pádraig Ó Tuama. Ach bhí an curadh-mhír speisialta do laoch an lae ag dul do fhearr Chois Fharraige, Pádraig Ó Tuairisg, a thug an-thaispeántas ar fad ina chluiche le Donnchadh Ó Ceallaigh. B'íad na h-imreoirí eile a bhí ar fhoireann Chonamara: Colm Ó Cualáin, Máirtín Ó Fátharta, Maidhc Phádraic Thaidhg Ó Conghaile agus Pádraic Ó Cadhain.

Tháinig na ceoltóirí aneas leis, Seamus

Creagh ar an veidhlín agus Jerry Mac Cáirthaigh ar an mbosca ceoil agus nuair a casadh Eibhlín Ní Riordáin agus na ceoltóirí áitiúla orthu san sa Spidéal, b'shin scléip go maidin.

Liathróid Raicéad

Más ea bhí na himreoirí amuigh go



Tomás Ó Ceallaigh, Radio na Gaeltachta, a bhí ag eagrú an chomórtais, beirt d'imreoirí Bhaile Mhúirne, Donnchadh Ó Ceallaigh agus Pádraig Ó Tuama le Brian Ó Baoill ó Údarás na Gaeltachta a chuir na duaiseanna ar fáil.



CÚL!
CÚL!
CÚL!

Ar cún (ó chlé): Antón Ó Conghaile, Dónal De Bhailís, Seán Ó Labhra, Proinsias Breathnach, Mícheál Ó Néill, Pádraic Ó Conghaile, Tomás Ó Gríofa, Breandán Breathnach, Mícheál Ó Philbín, Ciarán Ó Fátharta, Brian Ó Cuív, Peadar Ó Finneadhá. Chun tosaigh (ó chlé): Tomás Ó Fátharta, Pól Ó Cuimín, Stiofán Ó Flátharta, Colm Ó Finneadhá, Pádraic Ó Somacháin, Mairtín Ó Cualáin, Bertie Ó Finneadhá, Pádraic Ó Conaire, Peadar Ó Ceallaigh, Ciarán Ó Eadhain, Séamus Mac Donncha, Mairtín Ó Cadhain.



• Cuid den slua ag tabhairt tacafócht d'foireann an Údarás.



• Peadar Ó Ceallaigh ag rith i dtreo cún Bord na Móna agus ag bailiú pas ó Antoine Ó Conghaile ar a bhealach.

moch maidin Dé Domhnaigh don gcéad bhabhta eile i dTír an Fhia, liathróid raicéid an turas seo. Bhí an imirt cothrom go maith sa chluiche nua seo, agus an lámh in uachtar de bheagán ag muintir an iarthair (ainmneacha Chonamara ar dtús): Bhuaigh Seosamh Ó hÉanaí ar Liam Ó

Luachra, Seán Ó Loingsigh ar Liam Mac an tSaoi, Pádraic Ó Cadhain ar Eoghan Mac Cáirthaigh. Bhí Márta Ó Ciardha agus Pádraig Ó Tuama ar chomhscór agus b'ígin do Máirtín Ó Fátharta géilleadh do Donnchadh Ó Ceallaigh.

Bronnadh

Bhí Brian Ó Baoill ón Údarás ar an láthair arís agus na curadh-mhíreanna greanta le sainchomhartha nua na heagraíochta aige le bronnadh ar na buaiteoirí.

Tuilleadh ceoil ansan. D'fhan cuid de mhuintir Bhaile Mhúirne go dtí maidin Dé Luain, an dreas deirneach ceoil agus slán abhaile.

Bhí ardmholadh ag na cuairteoirí don gcúirt bhréa liathróid láimhe atá tógra ag Comharchumann na nOileán, an chéad ceann dá leithéid sa Ghaeltacht. Tá ceann mar é le hospaill i gCois Fharraige sara bhfad agus tá ceann eile á thógaínt sa Ghairmscoil i mBaile Mhúirne faoi láthair. Níl anseo mar sin ach an tús, táimid ag síú lena lán eile comórtaisí liathróid láimhe idir-Ghaeltachta.

IASACHT £2.8 m

Tá iasachta £2.8 milliún socraithe le Banc Infheistíochta na hEorpa (E.I.B.) mar chuid de airgeadú chlár tógála Réamh-mhonarchana do 1979/80. An iasacht seo, ar chuid í den iomlán de £64.4 m a d'aontaigh Banc Infheistíochta na hEorpa d'Éirinn do thóigáil monarchana, soláthar uisce agus scéimeanna forbartha foraoiseachta, cuideoidh sé le tógáil 30 réamh-mhonarchana nua, 4 fhoirgneamh do ón mBanc Infheistíochta. ghnóthaí faoi leith, Aontaíodh iasacht £2.3 m i 1977.

monarchana agus córas séarachais i gcóir an Eastát i mBun Beag. Chomh maith leis sin, cuideoidh an iasacht le hairgeadú 28 dteach a léasálfear in éineacht leis na monarchana nua. (Tá cuid den fhobairt seo curtha i gcríoch cheana féin, tá obair ar chuid eile idir lámha agus tá an fuíollach i gClár Tógála 1980/81).

Is é seo an dara iasacht don Ghaeltacht a frithéadach ón mBanc Infheistíochta. Aontaíodh iasacht £2.3 m i 1977.

'Chomh Tábhachtach leis an gCailc agus leis an gClárdubh'

Reachtáileadh taispeántas "Ceirde agus Gairme" an-suimiúil sa Scoil Phobail i gCarna Dé hAoine 29 Feabhra. B'é seo an dara taispeántas dá leithéid a d'eagraiodh i gCarna agus d'éirigh tar barr leis.

MOLADH

Ag caint dó ag an oscailt oifigiúil dúirt Proinsias Ó Floinn, Leas Phríomh-Fheidhmeannach Forbartha, Údarás na Gaeltachta go raibh ard-mholadh tuilleadh ag Seán de Paor, a d'eagraigh na taispeántas seo i 1978 agus arís i mbliana. Múinteoir gháirm-threoir ag freastal ar na

h-Iarbhuinscoileanna i Rosmuc, Cornamóra agus Carna é an tUas. de Paor agus sé an aidhm a bhí aige ná "an Domhan Oibre" a chur in aithne do na scoláirí óna scoileanna éagsúla i gConamara chun cuidiú leo rogha ciallhar gairme a dhéanamh. Dúirt an tUas. O Floinn gur beag béim a bhí ar a leithéid seo i gcúrsáid oideachais go dtí le blianta beaga anuas ach go raibh an lá ag teacht go mbeadh an ghné seo den chórás oideachais níos tábhactaí ná an chailc agus an clárdubh. Mhol sé do na scoláirí a n-aghaidh a thabhairt ar scileanna teicneolaíochta mar gur ins na tionscail teicneolaíochta a bheadh na deiseanna fostaiochta is fearr i rith na hochtóidí.

BUÍOCHAS

Ghabh Ard-Mháistir Scoil Phobail Mhícheál Ó Máille, Cathaoirleach, Údarás na Gaeltachta; David M'Cutcheon, Leas Rúnaí, An Roinn Airgidis; C. Richard Ross, Leas Uachtaráin, Banc Infheistíochta na hEorpa; Pádraic Ó Slatara, Cathaoirleach, U.F.T., agus Seán Ó Donobháin, Stiúrthóir, SFADCO.



I láthair sa Luchsamburg ag ócaid síniú conradh na n-iasachtaí bhí, ó chlé: Mícheál Ó Máille, Cathaoirleach, Údarás na Gaeltachta; David M'Cutcheon, Leas Rúnaí, An Roinn Airgidis; C. Richard Ross, Leas Uachtaráin, Banc Infheistíochta na hEorpa; Pádraic Ó Slatara, Cathaoirleach, U.F.T., agus Seán Ó Donobháin, Stiúrthóir, SFADCO.

ENQUIP



An Dr. Aodh Ó Dochartaigh, Electron Teo. agus an Dr. Ó Glazer, Electron Teo. ag cur mion-eolas ar Aire na Gaeltachta faoi theicneolaíocht Gleás Teileafóin.



Aire na Gaeltachta agus Comhalaí Bord an Údarás ar chuaireadh oifigiúil dóibh ar "Enquip".

10 dTÓGRA NUA ar lean ó Lth. 1

tionscal nu seo. 55 phost a chuirfear ar fáil ag lán seol agus tosnófar ag táirgí um dhereadh mí Mártá 1980, Deontas £147,000 atá ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta don tionscal agus is é £412,192 a n infheistíochta iomlán sa chomhlacht. Ón nGearmáin na príomhaithe, agus is ins an tísín, sa Bhreatain agus sa bhFrainc a dhiolfar na táirgí.

Tugann Údarás na Gaeltachta aitheantas ar leith don I.D.A. as ucht a thug siad de chuidiú agus de thacaíochta i bhfáil an tionscail seo don Ghaeilteachta.

CEIMICÍ I gCASLA

• Ceimicí A.C.S. Teo. a bhéas ag táirgíú ábhair séalaithe, ábhair chótála

agus ábhair ghearrmaítheacha atá bunaithe ar "man-made resins". Teicneolaíocht é atá cruthaithe cheana féin sna Stáit Aontaithe. Ar an Eastát Tionscail i gCasla, Conamara a bhéas an togra tionscal innealtóireachta seo a thabharfaidh fostáocht do 14 fear bunaithe i gcomhar le AnCO agus beidh sé ag dul i mbun tárgiochta um dhereadh mí Mártá, 1980. Tá deontas caipítil £136,350 ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta don tionscal agus is é £602,200 an infheistíochta iomlán sa chomhlacht. Is é Eugene A.P. O'Brien ó Éadan Doire tionscnóir an tógra agus an príomh infheistíochta ann. Siad na príomh mhargaidh ná an Iar-Oirtheach, an Mheán-Oirtheach, an Eoraip agus an Bhreatain. 50 phost a chuirfear ar fáil ag lán

seol, 38 fear agus 12 mná. • Tá réamh-ionad tionscail phríomháigus beidh infeistíochta thart fá £11,000 i gceist.

LEATHNÚCHÁIN ARD A'RATHA

• Tá céim 2 den togra seo ceadaithe ag Bord an Údarás anois. Sníomhachán snáthanna speisialta í gnó Garn Teo., agus tá leathnúchán 14,000 tr. chearnach á chur leis an 8,000 tr. chr. atá ar léas ag an gComhlacht cheana féin. Ag Caiseal, Ard a' Rath, Co. Dhún na nGall atá an togra lonnaithe agus tá 47 fostáithe ann cheana féin. Beidh 56 fostáithe nuair a bhéidh céim 2 i bhfeidhm agus fostófar 74 taréis ceadúna a céad céime eile. Is é céim 2 tá deontas £79,000 ceadaithe ag an Údarás agus

tá £123,000 breise infeistíthe ag na príomhaithe. Is é an fheistíochta iomlán sa chomhlacht go dtí seo ná £692,000. Is iad Gerhard Ripken Gmbh ón nGearmáin na príomhaithe agus is sa Ghearmáin, san Ollón agus i gCrócha Lochlainn is mó a dioltar na táirgí.

RÍOMHAIREACHT

• Tá sé mar chuspóir ag an Údarás tionscail sheirbhise a fhobairt a thabharfaidh fostáocht dóibh síud den dara agus den tríú leibhéal oideachais. Ar na tionscail seo tá Clódóirí Ríomhaire Teo., a thabharfaidh seirbhise comhairleoirí uilechinnéalach don tionscal ríomhaireachta. Tá an tionscal lonnaithe ag Na

Forbacha i Gconamara agus thar 3 bliana fostóidh sé 16 duine. Cheana féin tá Bainisteoir Speisialtoir fostáithe agus tá duine amháin faoi thraenáil. Is iad na príomhaithe G.C. McKeown & Co. Ltd., Systems & Programming Consultants, Átha Cliath. Cheadaigh Bord an Údarás deontas £39,900 agus is é £62,400 an infheistíochta iomlán atá i gceist.

SEIRBHÍS CUNTASAÍOCHTA

• Tionscal Seirbhise:

Cuntasóirí Cairete ag tabhairt

FÁILTE



ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA



Tuar Mhic Éadaigh i gCondae Mhaigh Eo a bhuaidh duais Bhanc na hÉireann i 1979 i gcóir forbairt Acmhainní Nádúrtha i Scéim Forbartha Pobal na Gaeltachta a thionscnaigh Údarás na Gaeltachta (Gaeltarra Éireann) i 1974. Ag fáiltíú in Óstán Breaffy House, Caisleán a' Bharraigh (Dé Máirt, 11 Mártá), bhronn an tUas. S. Ó Tiarnaigh, thar cheann Banc na hÉireann, seic ar £1,500 ar phobal Thiar Mhic Éadaigh. I láthair ag an bhfáiltíú bhí S. Mac an Phearsúin, Ceannasaí Airgidis, Údarás na Gaeltachta; Séamus Ó Tiarnaigh, Banc na hÉireann, Caisleán a' Bharraigh; Seán Ó Conghaile, Cathaoirleach, Coiste Forbartha Thuar Mhic Éadaigh; L. Ó Floinn, Bainisteoir, Banc na hÉireann, Caisleán a' Bharraigh.

Údarás na Gaeltachta

CONGORA TEORANTA

Tá dhá fholúntas ins an bhfo-chomhlacht seo atá ag plé le Feirmeoireacht Coiníní Angora i nGleann na Muaidhe, in aice le Béal a' Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.

Bainisteoir Gineárláta

Duine le cumas agus cleachtadh ar bhainistíochta airgid agus fóirne. Níl sé riachtanach go mbeadh cleachtadh aige ar bhainistíochta aonad ainmhithe. Iocfar Tuarastal maith agus curfear teach comhlachta ar fáil ar chíos.

Cúntóir Teicniúil

Duine le céim nó cálíocht in eolaíocht ainmhithe nó talmhaíochta a bhfuil cleachtadh aige ar dian-bheathú ainmhithe. Tuarastal maith.

Gach eolas ó: Feargal Ó Diomasaigh, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.

chróchnaite, rud a fheileann go mór dóibh ó thaobh costais ionpair de.

I monacháin Éadach Chonamara thug Seosamh Mac Easpaig Iéiriú ar an obair dóibh agus dírt sé go raibh na táirgí á seoladh go dtí an Seapán,

go Ceanada agus go dtí an Fhrainc. Deir Bernadette Ní Muirí: "Nach deas an smaoineamh é go mbíonn bréidín na Gaeltachta ag siúl ar Bhoulevardí, Paris nó ar shráideanna Tokiol."

seirbhís iomlán cuntasaíochta agus comhairleoireacht airgeadais 7rl. i nGaeltacht Chonamara, agus a bhéas lonnaithe ag Na Forbacha i gConamara. Beidh 11 postanna curtha ar fáil thar 3 bliana agus beidh an gnó ag feidhmíú i mí Mártá, 1980. Tá deontas £9,220 ceadaithe ag Údarás na Gaeltachta agus is é £29,220 an infheistíochta iomlán atá i gceist. Is iad na príomhaithe sa chomhlacht seo ná Coyle & Coyle, Cuntasóirí Cairete ó Bhale Átha Cliath.

EAGRÁN UIMHIR 11

Foilseófar Eagrán 11 de "Sa Ghaeltacht" i Mi Bealtaine. An Luan, 21 Aibreán, an "Copy" data is deireannai.